



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Eanáir 2024
(OR. en)

5454/24

DATAPROTECT 23
JAI 62
RELEX 42

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 7 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú na gcinntí leordhóthanachta arna nglacadh de bhun Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 7 final.

Faoi iamh: COM(2024) 7 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.1.2024
COM(2024) 7 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú na gcinntí leordhóthanachta arna
nglacadh de bhun Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE**

{SWD(2024) 3 final}

1. AN CHÉAD ATHBHREITHNIÚ – CÚLRA AGUS COMHTHÉACS

Tá torthaí an Choimisiúin sa tuarascáil seo maidir leis an gcéad athbhreithniú ar na cinntí leordhóthanachta a glacadh ar bhonn Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE¹ (an Treoir maidir le Cosaint Sonraí).

Sna cinntí sin, chinn an Coimisiún go n-áirithíonn aon tír nó aon chríoch déag leibhéal leordhóthanach cosanta do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas Eorpach (AE)²: Andóra³, an Airgintín⁴, Ceanada (d'oibreoirí tráchtála)⁵, Oileáin Fharó⁶, Geansaí⁷, Oileán Mhanann⁸, Iosrael⁹, Geirsí¹⁰, an Nua-Shéalainn¹¹, an Eilvéis¹², agus Uragua¹³. Mar thoradh air sin, is féidir aistrithe sonraí ón Aontas chuig na tíortha nó na críocha sin a dhéanamh gan ceanglais bhreise.

¹ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

² Tar éis é a ionchorprú i gComhaontú an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), tá feidhm ag RGCS maidir leis an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin freisin. Ba cheart tagairtí don Aontas sa tuarascáil seo a thuiscint mar thagairtí lena gcumhdaítear Stáit LEE freisin.

³ Cinneadh 2010/625/AE ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2010 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta in Andóra, IO L 277, 21.10.2010, lch. 27.

⁴ Cinneadh 2003/490/CE ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2003 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta san Airgintín, IO L 168, 5.7.2003, lch. 19.

⁵ Cinneadh 2002/2//CE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2001 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta arna soláthar le hAcht um Chosaint Faisnéise Pearsanta agus Doiciméid Leictreonacha Ceanada, IO L 2, 4.1.2002, lch. 13.

⁶ Cinneadh 2010/146/AE ón gCoimisiún an 5 Márta 2010 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcosaint leordhóthanach dá bhforáiltear le hIonstraim Oileáin Fharó maidir le próiseáil sonraí pearsanta, IO L 58, 9.3.2010, lch. 17.

⁷ Cinneadh 2003/821/CE ón gCoimisiún an 21 Samhain 2003 maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta i nGeansaí, IO L 308, 25.11.2003, lch. 27.

⁸ Cinneadh 2004/411/CE ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta in Oileán Mhanann, IO L 151, 30.4.2004, lch. 48.

⁹ Cinneadh 2011/61/AE ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2011 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta ag Stát Iosrael i ndáil le huathphróiseáil sonraí pearsanta, IO L 27, 1.2.2011, lch. 39.

¹⁰ Cinneadh 2008/393/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2008 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta i nGeirsí, IO L 138, 28.5.2008, lch. 21.

¹¹ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/65/AE ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta ag an Nua-Shéalainn, IO L 28, 30.1.2013, lch. 12.

¹² Cinneadh 2000/518/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta arna soláthar san Eilvéis, IO L 215, 25.8.2000, lch. 1.

¹³ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/484/AE ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2012 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta ag Poblacht Oirthearach Uragua i ndáil le huathphróiseáil sonraí pearsanta, IO L 227, 23.8.2012, lch. 11.

Le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679¹⁴ (RGCS) an 25 Bealtaine 2018, d'fhan na cinntí leordhóthanachta a glacadh faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm¹⁵. Ag an am céanna, shoiléirigh RGCS gur iad na torthaí leordhóthanachta, lena sonraítear nach mór don Choimisiún, ar bhonn leanúnach, faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i dtríú tíortha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcaoi a bhfeidhmeodh na cinntí leordhóthanachta atá ann cheana¹⁶. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 97 de RGCS ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na cinntí sin, gach ceithre bliana, chun a chinneadh an leanann na tíortha agus na críocha a fuair cinneadh leordhóthanachta de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta.

Tionscnaíodh an chéad athbhreithniú sin ar na cinntí leordhóthanachta a glacadh faoi iar-chreat um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh mar chuid de mheastóireacht níos leithne ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmiú RGCS ar chuir an Coimisiún a thorthaí i láthair ina “Theachtaireacht maidir le cosaint sonraí mar chrann taca de chumhachtú na saoránach agus cur chuige an Aontais i leith an aistrithe dhigitigh – dhá bhliain de chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí”¹⁷. Mar sin féin, cuireadh conclúid na gné sin den athbhreithniú siar chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás *Schrems II* a chur san áireamh¹⁸, inar sholáthair an Chúirt soiléirithe tábhachtacha maidir le príomhghnéithe an chaighdeáin leordhóthanachta, chomh maith le forbairtí gaolmhara eile. Dá réir sin, tháinig malartuithe mionsonraithe leis na tíortha agus na críocha lena mbaineann ar ghnéithe ábhartha dá gcreat dlíthiúil, dá sásraí maoirseachta agus dá gcóras forfheidhmithe¹⁹. Cuirtear na forbairtí sin go léir san áireamh go hiomlán sa tuarascáil seo, san Aontas agus sna tríú tíortha agus sna tríú críocha lena mbaineann.

Rud atá tábhachtach, déantar an chéad athbhreithniú sin i bhfianaise fhorbairt easpóntantúil na dteicneolaíochtaí digiteacha. Le blianta beaga anuas, tá méadú mór tagtha ar thábhacht na gcinntí leordhóthanachta de réir mar a tháinig sreafaí sonraí chun bheith ina ngné lárnach de chlaohlú digiteach na sochaí agus de dhomhandú an gheilleagair. Tá aistriú sonraí thar theorainneacha ina chuid d'oibríochtaí laethúla chuideachtaí Eorpacha de gach méid, i ngach

¹⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

¹⁵ Féach Airteagal 45(9) RGCS, lena bhforáiltear go bhfanfaidh cinntí arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE i bhfeidhm go dtí go ndéanfar iad a leasú, a aisghairm nó go dtí go gcuirfear cinneadh ón gCoimisiún arna nglacadh i gcomhréir le mír 3 nó mír 5 d'Airteagal 45 ina n-ionad.

¹⁶ Airteagal 45(4) GDPR. Féach freisin Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 6 Deireadh Fómhair 2015 i gCás C-362/14, Maximilian Schrems v an Coimisinéir Cosanta Sonraí (*Schrems I*), ECLI:EU:C:2015:650, pointe 76.

¹⁷ Foilsíodh an Teachtaireacht i mí an Mheithimh 2020 agus tá sí ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://ec.europa.eu/info/law/law-topic/data-protection/communication-two-years-application-general-data-protection-regulation_en.

¹⁸ Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Iúil 2020 i gCás C-311/18, An Coimisinéir Cosanta Sonraí v Facebook Ireland Ltd. agus Maximilian Schrems (*Schrems II*), ECLI:EU:C:2020:559.

¹⁹ Glacadh an cinneadh leordhóthanachta maidir leis an tSeapáin ar bhonn RGCS agus déantar foráil ann d'athbhreithniú tréimhsiúil ar leith. Tugadh an chéad athbhreithniú i gcrích i mí Aibreáin 2023 leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú an chinnidh leordhóthanachta maidir leis an tSeapáin, COM(2023) 275 final, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52023DC0275>.

earnáil. Níos mó ná riamh, is coinníoll é príobháideachtas a urramú maidir le sreafaí tráchtála cobhsaí, slána agus iomaíocha. Sa chomhthéacs sin, bíonn ról ag cinntí leordhóthanachta atá ag éirí níos tábhachtaí, ar go leor bealaí. Trína áirithiú go dtaistealaíonn an chosaint leis na sonraí, cumasaíonn siad sreafaí sonraí sábháilte, agus cearta daoine aonair á n-urramú acu i gcomhréir le cur chuige an Aontais atá dírithe ar an duine i leith an chlaochlaithe dhigitigh. Trí aitheantas a thabhairt do chreat príobháideachais tríú tíortha mar leibhéal cosanta atá coibhéiseach go bunúsach le leibhéal cosanta an Aontais, cuireann siad cóineasú chun cinn idir córais phríobháideachais bunaithe ar ardchaighdeán chosanta. Thairis sin, mar a mhínítear sa tuarascáil seo, seachas a bheith ina "phointe deiridh", leagadh síos i gcinntí leordhóthanachta an bunús le haghaidh comhar níos dlúithe agus cóineasú rialála breise idir an tAontas agus comhpháirtithe comhchosúla. Trí shaorshreabhadh sonraí pearsanta a chumasú, d'oscail na cinntí sin bealaí tráchtála d'oibreoirí an Aontais, lena n-áirítear trí thairbhí chomhaontuithe trádála a chomhlánú agus a mhéadú, chomh maith le comhar le comhpháirtithe eachtracha a éascú i raon leathan réimsí rialála. Trí réiteach simplí agus cuimsitheach a sholáthar le haghaidh aistrithe sonraí gan gá a bheith ag an onnmhaireoir sonraí coimircí breise a sholáthar nó aon údarú a fháil, éascaíonn siad comhlíonadh, go háirithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide, le ceanglais aistrithe idirnáisiúnta RGCS. Ar deireadh, a bhuí lena gcinntí leordhóthanachta maidir le arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach, tá siad ag éirí níos ábhartha freisin lasmuigh den Aontas, toisc go gceadaítear leo ní hamháin do shaorshreabhadh sonraí a dhéanamh le 30 gilleagar de chuid an Aontais, ach freisin le go leor dlínsí²⁰ eile ar fud na cruinne a aithníonn tíortha a bhfuil cinneadh leordhóthanachta an Aontais ann ina leith mar "chinn scríbe sábháilte" faoina rialacha cosanta sonraí féin.

Ar na cúiseanna sin go léir, mar a deimhníodh freisin san idirphlé dian agus torthúil leis na tríú tíortha/críocha lena mbaineann atá mar bhonn agus taca leis an athbhreithniú seo, tá cinntí leordhóthanachta ina gcuid straitéiseach de chaidreamh foriomlán an Aontais leis na comhpháirtithe eachtracha sin agus aithnítear iad mar chumasóir mór chun an comhar a dhoimhniú i raon leathan réimsí. Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, go mbíonn na cinntí sin fós iontaofa le himeacht aimsire agus go dtugann siad aghaidh ar fhorbairtí agus ar dhúshlán nua.

2. CUSPÓIR AGUS MODHEOLAÍOCHT AN ATHBHREITHNITHE

Glacadh na cinntí leordhóthanachta atá faoi réir an athbhreithnithe seo faoi chreat cosanta sonraí an Aontais a tháinig roimh RGCS. Cé go dtéann na cinntí is déanaí siar thart ar dheich mbliana (e.g., na cinntí maidir leis an Nua-Shéalainn agus Uragua, ar glacadh an bheirt acu in 2012), tá cinn eile i bhfeidhm le breis agus fiche bliain (e.g., Ceanada, a glacadh in 2001, agus an Eilvéis, a glacadh in 2000). Ó shin i leith, tá forbairt tagtha ar na creataí cosanta sonraí i ngach aon tír agus críoch déag, mar shampla trí athchóirithe reachtacha nó rialála, trí fhorbairtí i geleachtas forfheidhmithe na n-údarás cosanta sonraí nó trí chásdlí.

Agus a mheastóireacht á déanamh aige, dhírigh an Coimisiún, dá bhrí sin, ar fhorbairtí i gcreataí cosanta sonraí na dtíortha agus na gcríoch ábhartha a tharla ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta. Rinne sé measúnú ar an gcaoi ar mhúnlaigh na forbairtí sin creat cosanta

²⁰ Amhail e.g., an Airgintín, an Cholóim, Iosrael, Maracó, an Eilvéis agus Uragua.

sonraí na tíre nó na críche ábhartha tuilleadh, agus cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn na córais éagsúla leibhéal leordhóthanach cosanta i gcónaí, agus na forbairtí sin á gcur san áireamh.

Chuipe sin, cuireadh forás córas cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh féin san áireamh go hiomlán, go háirithe agus RGCS á chur i bhfeidhm. Go háirithe, ó glacadh na cinntí leordhóthanachta sin, rinneadh an caighdeán dlíthiúil is infheidhme maidir le cinntí den sórt sin, chomh maith leis na heilimintí is ábhartha chun measúnú a dhéanamh cé acu an áirithíonn córas eachtrach leibhéal leordhóthanach cosanta, a shoiléiriú tuilleadh trí chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus tríd an treoraíocht a ghlac Meitheal Airteagal 29 agus a comharba, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí²¹ (EDPB).

Go sonrach, shuigh an Chúirt Bhreithiúnais ina rialú an 6 Deireadh Fómhair 2015 in *Schrems I*, cé nach féidir ceangal a chur ar thríú tír leibhéal cosanta a áirithiú atá comhionann leis an leibhéal a ráthaítear san Aontas, ní mór a thuiscint go gceanglaítear leis an tástáil leordhóthanachta leibhéal cosanta atá "coibhéiseach go bunúsach"²². Go háirithe, shoiléirigh an Chúirt na modhanna a mbaineann an tríú tír atá i gceist leas astu chun sonraí pearsanta a chosaint, gur féidir go mbeidh siad éagsúil leis na modhanna a úsáidtear san Aontas, fad a bheidh siad, sa chleachtas, éifeachtach chun leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú²³. Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an tástáil leordhóthanachta measúnú cuimsitheach ar chóras an tríú tír ina iomláine, lena n-áirítear substaint na gcosaintí príobháideachais, a gcur chun feidhme agus a bhforfheidhmiú éifeachtach.

Thairis sin, shoiléirigh an Chúirt nár cheart measúnú an Choimisiúin a bheith teoranta do chreat ginearálta cosanta sonraí an tríú tír ach gur cheart go n-áireofaí ann freisin na rialacha lena rialaítear rochtain ar shonraí pearsanta ag údaráis phoiblí, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta²⁴. Agus an Chairt um Chearta Bunúsacha á húsáid mar thagarmharc, shainaithin an Chúirt roinnt ceanglas ba cheart a chomhlíonadh leis na rialacha sin chun caighdeán an "chomhionannais bhunriachtanaigh" a chomhlíonadh. Mar shampla, le reachtaíocht sa réimse sin, ba cheart rialacha soiléire agus beachta a leagan síos lena rialaítear raon feidhme agus cur i bhfeidhm birt agus lena bhforchuirtear coimircí íosta, ionas go mbeidh ráthaíochtaí leordhóthanacha ag na daoine a bhfuil a sonraí pearsanta i gceist ionas go bhféadfar a sonraí a chosaint go héifeachtach ar an riosca mí-úsáide agus ar aon rochtain neamhdhleathach agus úsáid neamhdhleathach ar na sonraí sin²⁵. Ba cheart dó freisin an fhéidearthacht a thabhairt do dhaoine aonair réitigh dhlíthiúla a shaothrú chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta a bhaineann leo, nó chun ceartú nó léirsciosadh sonraí den sórt sin a fháil²⁶.

²¹ Bailíonn an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí na hÚdaráis Mhaoirseachta um Chosaint Sonraí sna Ballstáit agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

²² *Schrems I*, pointí 73, 74 agus 96. Féach freisin Aithris 104 de Rialachán (AE) 2016/679, a thagraíonn do chaighdeán an chomhionannais bhunriachtanaigh.

²³ *Schrems I*, pointe 74.

²⁴ *Schrems I*, pointe 90.

²⁵ *Schrems I*, pointe 91.

²⁶ *Schrems I*, pointe 95.

Chuir RGCS leis na soiléirithe a chuir an Chúirt Bhreithiúnais ar fáil trí chatalóg mhionsonraithe d'eilimintí a leagan amach nach mór don Choimisiún a chur san áireamh i measúnú leordhóthanachta²⁷. Thairis sin, ina rialú *Schrems II* an 16 Iúil 2020, rinne an Chúirt Bhreithiúnais tuilleadh forbartha ar an gcaighdeán maidir le "comhionannas bunriachtanach", go háirithe maidir leis na rialacha maidir le rochtain ar shonraí pearsanta ag údarais phoiblí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta. Go háirithe, shoiléirigh sé go gceanglaítear le caighdeán an go n-áireofaí leis na creataí dlíthiúla ábhartha lena gceanglaítear údarais phoiblí sna tríú tíortha agus sna tríú críocha lena mbaineann coimircí íosta lena n-áirithítear nach féidir leis na húdarais sin rochtain a fháil ar shonraí thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun cuspóirí dlísteanaigh a shaothrú, agus go bhfuil cearta éifeachtacha agus infhorfheidhmithe ag na hábhair sonraí i gcoinne na n-údarás sin²⁸.

Léirítear forás an chaighdeáin leordhóthanachta freisin sa treoraíocht a ghlac Meitheal Airteagal 29 ar dtús agus a d'fhorghluinigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí ansin²⁹. Leis an treoraíocht sin, agus go háirithe an 'leordhóthanacht thagrach' mar a thugtar uirthi, soiléirítear a thuilleadh na heilimintí nach mór don Choimisiún a chur san áireamh agus measúnú leordhóthanachta á dhéanamh aige, lena n-áirítear trí fhorbhreathnú a sholáthar ar 'ráthaíochtaí riachtanacha' maidir le rochtain ar shonraí pearsanta ag údarais phoiblí. Cuireann an dara ceann sin go háirithe le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus thug an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí cothrom le dáta é chun na soiléirithe a chuir an Chúirt Bhreithiúnais ar fáil i mbreithiúnas *Schrems II* a chur san áireamh³⁰. Rud atá tábhachtach, aithnítear leis an leordhóthanacht thagrach freisin nach mbaineann caighdeán an "chomhionannais bhunriachtanaigh" le macasamhlú ó phointe go pointe ("fótachóip") de rialacha an Aontais, ós rud é go bhféadfadh na modhanna chun leibhéal inchomparáide cosanta a áirithiú a bheith éagsúil idir córais phríobháideachais éagsúla, rud a léiríonn traidisiúin dhlíthiúla éagsúla go minic.

Dá bhrí sin, chun a chinneadh cé acu an leanann an t-aon chinneadh leordhóthanachta déag a glacadh faoi na rialacha roimhe seo de bheith ag comhlíonadh an chaighdeáin a leagtar síos le RGCS, ní hamháin gur chuir an Coimisiún forás na gcreataí cosanta sonraí sna tíortha agus sna críocha lena mbaineann san áireamh, ach freisin an forás i léirmhíniú an chaighdeáin leordhóthanachta féin faoi dhlí an Aontais. Áirítear leis sin freisin measúnú ar an gcreat dlíthiúil lena rialaítear rochtain ar shonraí pearsanta agus úsáid a bhaint astu arna n-aistriú ón Aontas ag údarais phoiblí na dtíortha nó na gcríoch a bhfuarthas go raibh leibhéal leordhóthanach cosanta ar fáil dóibh ar bhonn Airteagal 25(6) den Treoir maidir le Cosaint Sonraí.

3. AN PRÓISEAS ATHBHREITHNITHE

²⁷ Airteagal 45(2) GDPR.

²⁸ *Schrems II*, pointí 180-182.

²⁹ leordhóthanacht thagrach, WP 254 rev. 01, an 6 Feabhra 2018 (ar fáil ag: https://ec.europa.eu/newsroom/article29/item-detail.cfm?item_id=614108).

³⁰ Moltáí 02/2020 maidir leis na Ráthaíochtaí Riachtanacha Eorpacha le haghaidh bearta faireachais (ar fáil ag: https://edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/recommendations/recommendations-022020-european-essential-guarantees_en).

Mar a thuairiscítear thuas, i gcás gach ceann de na tíortha nó na críocha lena mbaineann, cumhdaítear leis an meastóireacht ar na cinntí leordhóthanachta atá ann cheana an creat cosanta sonraí agus aon fhorbairtí i ndáil leis an gcreat dlíthiúil sin ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, chomh maith leis na rialacha lena rialaítear rochtain an rialtais ar shonraí – go háirithe, chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta. Le blianta beaga anuas, ghlac seirbhísí an Choimisiúin roinnt beart chun an measúnú sin a dhéanamh, i ndlúthchomhar le gach ceann de na tíortha nó na críocha ábhartha.

Chun cabhrú leis an gCoimisiún lena oibleagáidí faireacháin, chuir gach ceann den aon tír nó den aon chríoch déag faisnéis chuimsitheach ar fáil don Choimisiún maidir le forbairtí ina chóras cosanta sonraí ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta. Ina theannta sin, ó gach ceann den aon tír nó den aon chríoch déag, lorg an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe i ndáil leis na rialacha maidir le rochtain ag an rialtas ar shonraí pearsanta, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta a bhfuil feidhm acu sa tír nó sa chríoch ábhartha. Lorg an Coimisiún faisnéis freisin ó fhoinsí poiblí, ó údaráis mhaoirseachta agus ó údaráis forfheidhmithe chomh maith le faisnéis ó shaineolaithe áitiúla maidir le feidhmiú na gcinntí agus maidir le forbairtí ábhartha i ndlí agus i gcleachtas gach ceann de na tíortha agus de na críocha lena mbaineann, a mhéid a bhaineann leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme maidir le hoibreoírí príobháideacha agus i ndáil le rochtain rialtais. Ar deireadh, i gcás inarb ábhartha, tugadh aird chuí ar na gealltanais idirnáisiúnta arna suibscríobh ag na tíortha/críocha sin faoi ionstraimí réigiúnacha nó uilíocha.

Ar an mbonn sin, chuaigh an Coimisiún i mbun dian-idirphlé le gach ceann de na tíortha agus de na críocha lena mbaineann. I gcomhthéacs an idirphlé sin, rinne go leor de na tíortha agus de na críocha sin a reachtaíocht maidir le príobháideachas a nuachóiriú agus a neartú trí athchóirithe cuimsitheacha nó páirteacha (e.g., Andóra, Ceanada, Oileán Fharó, an Eilvéis, an Nua-Shéalainn), rud a spreagadh i measc a chéile ag an ngá atá le leanúnachas na gcinntí leordhóthanachta a áirithiú. Tá rialacháin agus/nó treoraíocht glactha ag cuid de na tíortha sin ag a n-údarás cosanta sonraí chun ceanglais nua maidir le cosaint sonraí a thabhairt isteach (e.g., Iosrael, Uragua) nó rialacha príobháideachais áirithe a shoiléiriú (e.g., an Airgintín, Ceanada, Geansaí, Geirsí, Oileán Mhanann, Iosrael, an Nua-Shéalainn), ag tógáil ar chleachtas forfheidhmithe nó ar chásdlí. Ina theannta sin, chun aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí ábhartha sa leibhéal cosanta, rinneadh coimircí breise maidir le sonraí pearsanta a aistríodh ón Eoraip – nuair is gá chun leanúnachas an chinnidh leordhóthanachta – a chaibidlítear agus a chomhaontaítear le roinnt de na tíortha agus de na críocha lena mbaineann a áirithiú. Mar shampla, leathnaigh rialtas Ceanada na cearta rochtana agus ceartúcháin i ndáil le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an earnáil phoiblí chuig gach duine aonair, beag beann ar a náisiúntacht nó a n-áit chónaithe (cé nach raibh na cearta sin ar fáil san am atá caite ach do shaoránaigh Ceanada, do chónaitheoirí buana nó do dhaoine aonair atá i láthair i gCeanada)³¹. Mar shampla eile, thug rialtas Iosrael coimircí sonracha isteach chun cosaint sonraí pearsanta a aistríodh ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a threisiú, rud a chruthaíonn oibleagáidí nua go

³¹ Alt 12 den Acht um Phríobháideacht, Ordú Fadaithe maidir leis an Acht um Phríobháideacht, Uimh. 1 agus Ordú Fadaithe maidir leis an Acht um Phríobháideacht, Uimh. 2.

háirithe i réimse an chruinnis sonraí agus na coinneála sonraí, a neartaíonn na cearta chun faisnéise agus chun a scriosta agus lena dtugtar isteach catagóirí breise sonraí íogaire³².

Ag an am céanna, bhailigh seirbhísí an Choimisiúin tuairimí Pharlaimint na hEorpa (an coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile)³³, na Comhairle (tríd an Meitheal um Chosaint Sonraí)³⁴, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí³⁵, agus Sainghrúpa Ilpháirtithe leasmhara RGCS³⁶ (lena n-áirítear ionadaithe na sochaí sibhialta, na tionsclaíochta, an tsaoil acadúil agus na gcleachtóirí dlí) maidir le dul chun cinn na meastóireachta agus chuir sé ar an eolas go rialta iad.

Dá bhrí sin, tá an tuarascáil seo agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi mar thoradh ar dhlúthchomhar le gach ceann de na tíortha agus de na críocha lena mbaineann, chomh maith le dul i gcomhairle le hinstiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais agus aiseolas uathu. Braitheann siad ar fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear reachtaíocht, gníomhartha rialála, cásdlí, cinntí agus treoraíocht ó údarais um chosaint sonraí, tuarascálacha ó chomhlachtaí maoirseachta (neamhspleácha) agus ionchur ó pháirtithe leasmhara. Sular glacadh an tuarascáil seo, tugadh deis do na tíortha agus na críocha uile a luaitear cruinneas fíorasach na faisnéise a cuireadh ar fáil maidir lena gcóras sa Doiciméad Inmheánach Oibre a fhíorú.

4. PRÍOMHTHORTHAÍ AGUS CONCLÚIDÍ

Léiríodh sa chéad athbhreithniú gur tháinig na creataí cosanta sonraí atá i bhfeidhm i ngach ceann den aon tír nó aon chríoch déag agus creat an Aontais le chéile a thuilleadh ó glacadh na cinntí leordhóthanachta. Thairis sin, i réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, léiríodh sa chéad athbhreithniú go bhforchuireann dlí na dtíortha nó na gcríoch sin coimircí agus teorainneacha iomchuí agus go soláthraíonn sé sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Cuirtear na torthaí mionsonraithe maidir le gach ceann den aon tír nó den aon chríoch déag i láthair i nDoiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún a ghabhann leis an tuarascáil reatha seo. Ar bhonn na dtorthaí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann gach ceann den aon tír agus den aon chríoch déag de leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas Eorpach de réir bhrí RGCS, mar a léiríonn an Chúirt

³² Na Rialacháin um Chosaint Príobháideachais (Treoracha le haghaidh Sonraí a Aistríodh chuig Iosrael ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch), 5783-2023, a foilsíodh in Iris Oifigiúil Iosrael (*Reshumut*) an 7 Bealtaine 2023.

³³ Féach, e.g. rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Márta 2021 maidir leis an tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí dhá bhliain tar éis a chur i bhfeidhm (2020/2717(RSP), atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0111_EN.html.

³⁴ Féach, e.g. seasamh agus torthaí na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), a glacadh an 19 Nollaig 2019, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14994-2019-REV-1/ga/pdf>.

³⁵ Féach e.g. ionchur ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis an meastóireacht ar RGCS faoi Airteagal 97, a glacadh an 18 Feabhra 2020, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://edpb.europa.eu/sites/default/files/files/file1/edpb_contributiongdprevaluation_20200218.pdf.

³⁶ Féach, e.g. an tuarascáil ón Sainghrúpa Ilpháirtithe leasmhara maidir leis an meastóireacht ar RGCS, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/meetings/consult?lang=en&do=groupDetail.groupMeeting&meetingId=21356>.

Bhreithiúnais é. Tugtar achoimre thíos ar thorthaí gach ceann de na tíortha agus de na críocha leordhóthanachta.

4.1. Andóra

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil Andóra ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta. Go háirithe, chuir glacadh Dhlí Cáilithe 29/2021 maidir le cosaint sonraí pearsanta a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2022 le leibhéal méadaithe cosanta sonraí, toisc go bhfuil an Dlí ag teacht go dlúth le RGCS ina struchtúr agus ina phríomhchodanna.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí in Andóra faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ó Bhunreacht Andóra, ón gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus ó Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch (Coinbhinsiún 108 agus an Prótacal leasaitheach, lena gcruthaítear Coinbhinsiún nuachóirithe 108+), agus ó rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí a bhfuil feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí lena ndéantar gnéithe lárnacha Threoir (AE) 2016/680 a mhacasamhlú go bunúsach³⁷. Ina theannta sin, forchuireann dlí Andóra roinnt coinníollacha agus teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta ag údaráis phoiblí, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Andóra de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

I ndáil leis na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí a bhfuil feidhm acu faoi láthair maidir le próiseáil sonraí ag údaráis fhorfheidhmithe dlí, is díol sásaimh don Choimisiún go bhfuil sé ar intinn ag reachtóir Andóra córas níos cuimsithí a chur in ionad na rialacha sin, córas a bheidh ag teacht a thuilleadh leis na rialacha atá i bhfeidhm san Aontas. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar fhorbairtí amach anseo sa réimse sin.

4.2. An Airgintín

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil na hAirgintíne ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, rudaí a rannchuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, neartaíodh neamhspleáchas údarás maoirseachta um chosaint sonraí na hAirgintíne go

³⁷ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle.

suntasach trí Fhorathne Uimh. 746/17, a chuir an fhreagracht ar *Agencia de Acceso a la Información Pública* (AAIP) maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí um chosaint sonraí. Ina theannta sin, d'eisigh an AAIP roinnt rialachán agus tuairimí ceangailteacha lena soiléirítear conas atá an creat cosanta sonraí le léirmhíniú agus le cur i bhfeidhm sa chleachtas, rud a chabhraíonn leis an dlí um chosaint sonraí a choinneáil cothrom le dáta. Neartaigh an Airgintín a gealltanais idirnáisiúnta i réimse na cosanta sonraí freisin trí dhul isteach i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil uathoibríoch sonraí pearsanta agus a Phrótacal breise in 2019, agus tríd an bPrótacal leasaitheach lena gcruthaítear Coinbhinsiún nuachóirithe 108+ a dhaingniú in 2023.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí san Airgintín faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ó Bhunreacht na hAirgintíne, ó Choinbhinsiún Mheiriceá um Chearta an Duine, ó Choinbhinsiún 108 agus ó Choinbhinsiún 108+, agus ó rialacha cosanta sonraí na hAirgintíne (Dlí 25.326 maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta an 4 Deireadh Fómhair 2000) atá infheidhme freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis phoiblí na hAirgintíne, lena n-áirítear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta. Ina theannta sin, forchuireann dlí na hAirgintíne roinnt coinníollacha agus teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann an Airgintín de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

An tráth céanna, molann an Coimisiún na cosaintí a forbraíodh ar leibhéal fo-reachtach a chumhdach sa reachtaíocht chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus na ceanglais sin a chomhdhlúthú. D'fhéadfadh an dréacht-Bhille um Chosaint Sonraí a tugadh isteach le déanaí i gComhdháil na hAirgintíne deis a thabhairt chun forbairtí den sórt sin a chódú, agus ar an gcaoi sin creat príobháideachais na hAirgintíne a neartú tuilleadh. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar fhorbairtí amach anseo sa réimse sin.

4.3. Ceanada

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil Cheanada ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear roinnt leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, rinneadh an tAcht um Chosaint Faisnéise Pearsanta agus Doiciméid Leictreonacha (PIPEDA) a neartú tuilleadh trí leasuithe éagsúla (e.g., maidir leis na coinníollacha le haghaidh toiliú bailí agus fógraí maidir le sárú sonraí), agus rinneadh príomhcheanglais maidir le cosaint sonraí (e.g., maidir le próiseáil sonraí íogaire) a shoiléiriú tuilleadh trí chásdlí chomh maith le treoraíocht arna heisiúint ag údarás cosanta sonraí cónaidhme Cheanada, Oifig an Choimisinéara

Príobháideachais. An tráth céanna, molann an Coimisiún cuid de na cosaintí a forbraíodh ar leibhéal fo-reachtach a chumhdach sa reachtaíocht chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus na ceanglais sin a chomhdhlúthú. D'fhéadfadh an t-athchóiriú reachtach leanúnach ar an Acht um Chosaint Faisnéise Pearsanta agus Doiciméid Leictreonacha (PIPEDA) deis a thabhairt go háirithe chun forbairtí den sórt sin a chódú, agus ar an gcaoi sin creat príobháideachais Cheanada a neartú a thuilleadh. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar fhorbairtí amach anseo sa réimse sin.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí i gCeanada faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat bunreachtúil uileghabhálach (Cairt um Chearta agus Saoirsí Cheanada), ón gcásdlí, ó reachtaíocht shonrach lena rialaítear rochtain ar shonraí, chomh maith le rialacha maidir le cosaint sonraí (i.e., ón Acht um Príobháideacht agus ó dhlíthe comhchosúla ar leibhéal cúige) a bhfuil feidhm acu freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis phoiblí Cheanada, lena n-áirítear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta. Ina theannta sin, foráiltear i gcóras dlí Cheanada sásraí éifeachtacha formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin, lena n-áirítear trí leathnú le déanaí ar chearta na n-ábhar sonraí agus féidearthachtaí sásaimh do náisiúnaigh nó cónaitheoirí nach ó Cheanada iad.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Ceanada de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas chuig faighteoirí faoi réir an Achta um Chosaint Faisnéise Pearsanta agus Doiciméid Leictreonacha. Mar a tugadh faoi deara thuas, tá an tAcht um Chosaint Faisnéise Pearsanta agus Doiciméid Leictreonacha faoi réir athchóirithe reachtaíochta faoi láthair a d'fhéadfadh cosaintí príobháideachais a neartú tuilleadh, lena n-áirítear i réimsí atá ábhartha maidir le cinneadh leordhóthanachta.

4.4. Oileáin Fharó

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil Oileáin Fharó ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, tá nuachóiriú suntasach déanta ag Oileáin Fharó ar a gcreat cosanta sonraí tríd an Acht um Chosaint Sonraí a ghlacadh, a tháinig i bhfeidhm in 2021 agus a d'ailínigh go dlúth le réimeas Oileáin Fharó le RGCS.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí in Oileáin Fharó faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ón gcreat bunreachtúil agus ón gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus ó dhlíthe sonracha lena rialaítear rochtain an rialtais ar shonraí agus ar rialacha cosanta sonraí a bhfuil feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh

fhorfheidhmiú an dlí choiriúil (an Gníomh um Próiseáil Sonraí Pearsanta ag Údaráis Forfheidhmithe Dlí a cuireadh i bhfeidhm in Oileáin Fharó in 2022 agus a thrasuíonn an reachtaíocht a ghlac an Danmhairg chun Treoir (AE) 2016/680 a chur chun feidhme in Oileáin Fharó) agus críocha slándála náisiúnta (atá sa Ghníomh um an tSeirbhís Slándála agus Faisnéise). Ina theannta sin, tá sásraí éifeachtacha formhaoirseachta agus sásaimh ar fáil sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Oileáin Fharó de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

4.5. *Geansaí*

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil Oileán Mhanann ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, rinne Geansaí a chreat cosanta sonraí a nuachóiriú go suntasach trí ghlacadh leis an Dlí um Chosaint Sonraí (Báillicheantar Gheansaí) 2017 a bhfuil feidhm aige ó 2019 agus a ailíníonn córas Gheansaí go dlúth le RGCS.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí i nGeansaí faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ón gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ó Choinbhinsiún 108, agus ó rialacha cosanta sonraí Gheansaí, lena n-áirítear na forálacha sonracha maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí a leagtar amach san Ordánas um Chosaint Sonraí (Forfheidhmiú an Dlí agus Nithe Gaolmhara) (Báillicheantar Gheansaí), 2018. Ina theannta sin, forchuireann dlí Gheansaí roinnt coinníollacha agus teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Geansaí de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

4.6. *Oileán Mhanann*

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil Oileán Mhanann ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, ghlac Oileán Mhanann reachtaíocht nua in 2018 (an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, arna chomhlánú leis an Ordú um Chosaint Sonraí (RGCS a Chur i bhFeidhm) 2018) ina gcuimsítear an chuid is mó d'fhorálacha chreat cosanta sonraí an Aontais i ndlíchóras Oileán Mhanann agus gan ach

mionchoigeartuithe a dhéanamh ar ghnéithe sonracha, go háirithe chun an creat a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí ar Oileán Mhanann faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ón gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ó Choinbhinsiún 108, agus ó rialacha cosanta sonraí Oileán Mhanann, lena n-áirítear na forálacha sonracha maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí a leagtar amach san Ordú um Chosaint Sonraí (An treoir maidir le cosaint sonraí i réimse fhorfheidhmiú an dlí (LED) a Chur i bhFeidhm) 2018 agus i Rialacháin Cur Chun Feidhme LED 2018. Ina theannta sin, forchuirtear le dlí Oileán Mhanann roinnt teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Oileán Mhanann de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

4.7. *Iosrael*

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí ar chreat dlíthiúil Iosrael ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, rudaí a rannchuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, thug Iosrael coimircí sonracha isteach chun cosaint sonraí pearsanta a aistríodh ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a threisiú trí na Rialacháin um Chosaint Príobháideachais (Teoracha le haghaidh Sonraí a Aistríodh chuig Iosrael ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch), 5783-2023, a ghlacadh. Neartaigh Iosrael na ceanglais maidir le slándáil sonraí freisin trí na Rialacháin um Chosaint Príobháideachais (Slándáil Sonraí), 5777-2017, a ghlacadh agus chomhdhlúthaigh sé neamhspleáchas a údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí i rún ceangailteach rialtais.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí Iosrael faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach, go háirithe ó Dhlí Bunúsach Iosrael, agus ón Dlí um Chosaint an Phríobháideachais, 5741-1981 agus ó na Rialacháin a glacadh dá mbun, a bhfuil feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis phoiblí Iosrael, lena n-áirítear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta. Ina theannta sin, forchuirtear le dlí Iosrael roinnt teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Iosrael de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

An tráth céanna, molann an Coimisiún na cosaintí a forbraíodh ar leibhéal fo-reachtach agus de réir cásdlí a chumhdach sa reachtaíocht, chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus na ceanglais sin a dhaingniú. Tugann an Bille um Chosaint Príobháideachais (Leasú Uimh. 14), 5722-2022 a tugadh isteach i bParlaimint Iosrael le déanaí deis thábhachtach chun forbairtí den sórt sin a chomhdhlúthú agus a chódú, agus ar an gcaoi sin creat príobháideachais Iosrael a neartú tuilleadh. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar fhorbairtí amach anseo sa réimse sin.

4.8. *Geirsí*

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil Gheirsí ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, tá Geirsí tar éis a chreat cosanta sonraí a nuachóiriú go suntasach trí ghlacadh leis an Dlí um Chosaint Sonraí (Geirsí) 2018 agus le Dlí an Údaráis um Chosaint Sonraí (Geirsí) 2018 a tháinig i bhfeidhm in 2018 agus a ailíníonn réimeas Gheirsí go dlúth le RGCS.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí Gheirsí faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ón gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ó Choinbhinsiún 108, agus ó rialacha cosanta sonraí Gheirsí, lena n-áirítear na forálacha sonracha maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí a leagtar amach i nDlí um Chosaint Sonraí (Geirsí) 2018, arna leasú le Sceideal 1 a ghabhann leis an Dlí sin. Ina theannta sin, forchuireann dlí Gheirsí roinnt teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Geirsí de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

4.9. *An Nua-Shéalainn*

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil na Nua-Shéalainne ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, rinneadh athchóiriú cuimsitheach ar an gcóras cosanta sonraí nuair a glacadh an tAcht um Príobháideacht 2020 a mhéadaigh an cóineasú le creat cosanta sonraí an Aontais a thuilleadh,

go háirithe maidir leis na rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta agus cumhachtaí an údaráis um chosaint sonraí (Oifig an Choimisinéara Príobháideachais).

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí na Nua-Shéalainne faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat bunreachtúil uileghabhálach (e.g., an tAcht um an mBille um Chearta) agus ón gcásdlí, chomh maith le dlíthe sonracha lena rialaítear rochtain an rialtais ar shonraí agus forálacha den Acht um Phríobháideacht a bhfuil feidhm acu freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis um fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus údaráis slándála náisiúnta. Ina theannta sin, foráiltear i gcóras dlí na Nua-Shéalainne do shásraí éagsúla formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann an Nua-Shéalainn de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas. Is díol sásaimh don Choimisiún freisin gur thug rialtas na Nua-Shéalainne bille os comhair na Parlaiminte le déanaí chun an tAcht um Príobháideacht 2020 a leasú chun na ceanglais trédhearcachta atá ann cheana a neartú tuilleadh. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar fhorbairtí amach anseo sa réimse sin.

4.10. An Eilvéis

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil na hEilvéise ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, an Gníomh Cónaidhme nuachóirithe maidir le Cosaint Sonraí a mhéadaigh an cóineasú le creat cosanta sonraí an Aontais a thuilleadh, go háirithe maidir leis na cosaintí do shonraí íogaire agus na rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí. Neartaigh an Eilvéis a gealltanais idirnáisiúnta i réimse na cosanta sonraí freisin trí Choinbhinsiún 108+ a dhaingniú i mí Mheán Fómhair 2023.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí na hEilvéise faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ó Bhunreacht Chónaidhme na hEilvéise, ón gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ó Choinbhinsiún 108+, agus ó rialacha cosanta sonraí na hEilvéise, lena n-áirítear an Gníomh Cónaidhme um Chosaint Sonraí agus rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí a bhfuil feidhm acu maidir le forfheidhmiú an dlí choiriúil (e.g., an Cód Nós Imeachta Choiriúil) agus údaráis slándála náisiúnta (e.g., an tAcht um an tSeirbhís Faisnéise). Ina theannta sin, forchuireann dlí na hEilvéise roinnt teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann an Eilvéis de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

4.11. *Uragua*

Is díol sásaimh don Choimisiún na forbairtí i gcreat dlíthiúil Uragua ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, lena n-áirítear roinnt leasuithe reachtacha, cásdlí agus gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí maoirseachta, a chuidigh le leibhéal méadaithe cosanta sonraí. Go háirithe, rinne Uragua a Dhlí 18.331 maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta agus Gníomhaíocht Sonraí Habeas 2008 a nuachóiriú agus a neartú trí leasuithe reachtacha in 2018 agus 2020 lenar leathnaíodh raon feidhme críochach na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí, lenar cruthaíodh ceanglais chuntasachta nua (amhail measúnuithe tionchair, cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, fógra maidir le sárú sonraí agus ceapadh oifigeach cosanta sonraí) agus lenar tugadh isteach cosaintí breise maidir le sonraí bithmhéadracha. Neartaigh Uragua a ghealltanais idirnáisiúnta i réimse na cosanta sonraí freisin trí dhul isteach i gCoinbhinsiún 108 in 2019, agus trí Choinbhinsiún 108+ a dhaingniú in 2021.

I réimse rochtain an rialtais ar shonraí pearsanta, tá údaráis phoiblí in Uragua faoi réir rialacha soiléire, beachta agus inrochtana faoina bhféadfaidh na húdaráis sin rochtain a fháil ar shonraí a aistrítear ón Aontas agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun críocha leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta. Tagann na teorainneacha agus na coimircí sin ón gcreat dlíthiúil uileghabhálach agus ó na gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe ó Bhunreacht Uragua, ó Choinbhinsiún Mheiriceá um Chearta an Duine, ó Choinbhinsiún 108 agus ó Choinbhinsiún 108+, agus ó na rialacha maidir le cosaint sonraí i nDlí 18.331 maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta agus ó Gníomhaíocht Sonraí Habeas a bhfuil feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis phoiblí in Uragua, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus slándála náisiúnta. Ina theannta sin, forchuireann dlí Uragua roinnt coinníollacha agus teorainneacha sonracha ar rochtain ar shonraí pearsanta agus ar úsáid sonraí pearsanta ag údaráis phoiblí, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa réimse sin.

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a rinneadh mar chuid den chéad athbhreithniú sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann Uragua de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas.

5. FAIREACHÁN AGUS COMHAR AMACH ANSEO

Aithníonn an Coimisiún an comhar den scoth leis na húdaráis ábhartha i ngach ceann de na tíortha agus de na críocha lena mbaineann agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aige agus is mór aige é. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh dlúthfhaireacháin ar fhorbairtí i gcreataí cosanta agus i gcleachtas iarbhir na dtíortha agus na gcríoch lena mbaineann. I gcás forbairtí i dtír nó i gcríoch leordhóthanach a dhéanfaidh difear diúltach don leibhéal cosanta sonraí atá leormhaith, bainfidh an Coimisiún, i gcás inar gá, úsáid as a chumhachtaí faoi Airteagal 45(5) RGCS chun cinneadh leordhóthanachta a chur ar fionraí, a leasú nó a tharraingt siar.

Deimhnítear leis an athbhreithniú sin nach "pointe deiridh" é cinneadh leordhóthanachta a ghlacadh ach go dtugtar deis leis an idirphlé agus an comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta comhchosúla maidir le sreafaí sonraí agus ábhair dhigiteacha a threisiú tuilleadh ar bhonn níos ginearálta. I ndáil leis sin, tá an Coimisiún ag tnúth le malartuithe amach anseo leis na húdaráis ábhartha chun an comhar ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le sreafaí sonraí sábháilte agus saor a chur chun cinn a neartú tuilleadh, lena n-áirítear trí chomhar forfheidhmithe neartaithe. Chun dlús a chur leis an idirphlé sin agus chun malartú faisnéise agus taithí a chur chun cinn, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cruinniú ardleibhéil a eagrú in 2024, lena dtabharfar le chéile ionadaithe ón Aontas agus ó gach tír a bhaineann tairbhe as cinneadh leordhóthanachta.